



Uimhir 27 de 2010

AN tAcht UM NÓS IMEACHTA COIRIÚIL 2010

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Caiteachais.

CUID 2

TIONCHAR COIRE AR ÍOSPARTACH

4. Leasú ar alt 5 d'Acht 1993.
5. Fianaise trí nasc teilifíse.
6. Fianaise trí idirghabhálaí.

CUID 3

EISCEACHTAÍ ón RIAIL IN AGHAIDH CONTÚIRTE DÚBAILTE

CAIBIDIL 1

Léiriú

7. Léiriú (*Cuid 3*).

CAIBIDIL 2

Iarratas ar orduithe um atriail faoi Chuid 3

8. Iarratas ón Stiúrthóir lena lorgaítear ordú um atriail i gcás go bhfuil fianaise nua fhíorláidir ar fáil.
9. Iarratas ón Stiúrthóir ar ordú um atriail i gcás gur éigiontú truaillithe éigiontú roimhe sin.
10. Orduithe um atriail.
11. Leasú ar Acht 1962.

12. Orduithe chun cothroime atrialach a chosaint.
13. Éifeacht ordaithe um atrial.
14. Achomhairc ar phonc dlí chun na Cúirte Uachtaraí.

CAIBIDIL 3

Ceadú na Cúirte Dúiche d'fheidhmiú cumhachtaí áirithe a bhaineann le daoine a éigiontaítear i gcionta iomchuí

15. Ní ceadmhach cumhachtaí áirithe a úsáid ach amháin de réir an Achta.
16. Féadfaidh an Chúirt Dúiche gabháil duine a mbaineann *alt 15* leis nó léi a údarú in imthosca áirithe.
17. Duine a mbaineann *alt 15* leis nó léi a ghabháil in imthosca áirithe i gcás go bhfuil an duine i bpríosún etc.
18. Féadfaidh an Chúirt Dúiche barántas cuardaigh i gcabhair ar imscrúdú a bhaineann le cionta iomchuí a údarú in imthosca áirithe.

CAIBIDIL 4

Ilghnéitheach

19. Inghlacthacht fianaise in imeachtaí faoin gCuid seo.
20. Ní dhéanfar difear do chearta eile achomhairc nó athbhreithnithe.
21. Feidhm alt 6 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974.
22. Rialacha cúirte agus éisteachtaí dlúsúla.

CUID 4

ACHOMHAIRC AGUS NITHE A BHAINNEANN LE HACHOMHAIRC

CAIBIDIL 1

Achomhairc ionchúisimh le dochar

23. Achomhairc ag an Stiúrthóir, etc., in imeachtaí coiriúla áirithe.
24. Ní ceadmhach achomharc in imthosca áirithe.
25. Orduithe chun cothroime atrialach a chinntiú.
26. Ordú le haghaidh atrialach tar éis achomhairc faoi *alt 23*.
27. Leasú ar alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994.
28. Gan difear a dhéanamh do chearta achomharc nó athbhreithnithe eile.
29. Feidhm alt 6 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974.
30. Rialacha cúirte agus éisteachtaí dlúsúla.

[2010.] *An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil* [Uimh. 27.]
2010.

CAIBIDIL 2

Nithe ilghnéitheacha a bhaineann le hachomhairc

31. Leasú ar an Acht Cúirteanna Breithiúnais 1924.
32. Leasú ar alt 44 den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit 1939.

CUID 5

FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA

CAIBIDIL 1

Fianaise a Thabhairt

33. Leasú ar an Acht Breithiúnais Choiriúla (Fianaise) 1924.
34. Fianaise shaineolach a thabharfaidh an chosaint ar aird.
35. Tabhairt ar ais nó diúscairt maoiné a úsáid mar fhianaise.

CAIBIDIL 2

Leasuithe ilghnéitheacha

36. Leasú ar alt 22 d'Acht na gCúirteanna 1991.
37. Leasú ar Acht 1967.
38. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil 1951.

AN SCEIDEAL

CIONTA IOMCHUÍ

[Uimh. 27.] *An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil* [2010.]
2010.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair 1973	1973, Uimh. 29
An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair 1975	1975, Uimh. 9
An tAcht Craolacháin 2009	2009, Uimh. 18
An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998	1998, Uimh. 22
Acht na Leanaí 2001	2001, Uimh. 24
Acht na gCúirteanna 1991	1991, Uimh. 20
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais 1924	1924, Uimh. 10
An tAcht um Dhamáiste Coiriúil 1991	1991, Uimh. 31
An tAcht um Fhianaise Choiriúil 1992	1992, Uimh. 12
An tAcht Breithiúnais Choiriúla (Fianaise) 1924	1924, Uimh. 37
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil) 1962	1962, Uimh. 12
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005	2005, Uimh. 2
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001	2001, Uimh. 50
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in Aghaidh Céastóireachta) 2000	2000, Uimh. 11
An tAcht um Cheartas Coiriúil 1951	1951, Uimh. 2
An tAcht um Cheartas Coiriúil 1984	1984, Uimh. 22
An tAcht um Cheartas Coiriúil 1990	1990, Uimh. 16
An tAcht um Cheartas Coiriúil 1993	1993, Uimh. 6
An tAcht um Cheartas Coiriúil 1994	1994, Uimh. 15
An tAcht um Cheartas Coiriúil 1999	1999, Uimh. 10
An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006	2006, Uimh. 26
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008	2008, Uimh. 8
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006	2006, Uimh. 11
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú) 1990	1990, Uimh. 32
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2006	2006, Uimh. 15
An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil 1967	1967, Uimh. 12
<i>Explosive Substances Act</i> 1883	46 & 47 Vict., c. 3
Acht na nArm Teine 1925	1925, Uimh. 17
Acht na nArm Tine 1964	1964, Uimh. 1
An tAcht um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 2006	2006, Uimh. 30
An tAcht um Shláidáil Mhuirí 2004	2004, Uimh. 29
An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí 1977	1977, Uimh. 12
An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997	1997, Uimh. 26
An tAcht um Chionta in Aghaidh an Stáit (Leasú) 1998	1998, Uimh. 39
An tAcht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit 1939	1939, Uimh. 13
<i>Prevention of Corruption Act</i> 1906	6 Edw. 7.c. 34
Acht na bPríosún 2007	2007, Uimh. 10
An tAcht um Ionchúiseamh i gCionta 1974	1974, Uimh. 22
<i>Punishment of Incest Act</i> 1908	8 Edw. 7, c. 45



Uimhir 27 de 2010

AN tACHT UM NÓS IMEACHTA COIRIÚIL 2010

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ AN ACHTA UM CHEARTAS COIRIÚIL 1993; DO LEASÚ AN DLÍ CHOIRIÚIL AGUS AN NÓIS IMEACHTA CHOIRIÚIL AR SHLITE EILE, LENA nÁIRÍTEAR SOCRÚ A DHÉANAMH MAIDIR LE hEISCEACHTAÍ ÓN RIAIL IN AGHAIDH CONTÚIRTE DÚBAILTE CHUN A CHUMASÚ DON CHÚIRT ACHOMHAIRC CHOIRIÚIL IARRATAIS CHUN ÉIGIONTUITHE ÁIRITHE A NEAMHNIÚ AGUS CHUN DAOINE IS ÁBHAIR DO NA hIARRATAIS SIN A CHUR FAOI ATRAIL ARNA nDÉANAMH IN IMTHOSCA ÁIRITHE AG AN STIÚRTHÓIR IONCHÚISEAMH POIBLÍ A ÉISTEACHT AGUS A CHINNEADH, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE hACHOMHARC CHUN NA CÚIRTE UACHTARAÍ AR PHONC DLÍ I gCOINNE CINNIDH ÓN gCÚIRT ACHOMHAIRC CHOIRIÚIL I LEITH NA nIARRATAS SIN; DO LEATHNÚ CHUMHACHTAÍ AN GHARDA SÍOCHÁNA I nDÁIL LE hIMSCRÚDÚ CIONTA ÁIRITHE; DO LEATHNÚ NA nIMTHOSCA INA bhFÉADFAIDH AN STIÚRTHÓIR IONCHÚISEAMH POIBLÍ NÓ AN tARD-AIGHNE, DE RÉIR MAR IS CUÍ, ACHOMHARC A DHÉANAMH IN IMEACHTAÍ COIRIÚLA; DO LEASÚ AN ACHTA BREITHIÚNAIS CHOIRIÚLA (FIANAISE) 1924 AGUS DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ AN DLÍ A BHAINNEANN LE FIANAISE AR SHLITE EILE; DO LEASÚ AN ACHTA UM CHEARTAS COIRIÚIL 1994, ACHT NA gCÚIRTEANNA 1991, AN ACHTA UM NÓS IMEACHTA COIRIÚIL 1967, AN ACHTA UM CHEARTAS COIRIÚIL (CÚNAMH DLÍTHIÚIL) 1962, AN ACHTA UM CHEARTAS COIRIÚIL 1951, AN ACHTA UM CHIONTAÍ IN AGHAIDH AN STÁIT 1939 AGUS AN ACHTA CÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS 1924; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[20 Iúil, 2010]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal agus
tosach feidhme.

1.—(1) Féadfar an tAcht um Nós Imeachta Coiriúil 2010 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Léiriú.

2.—(1) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “Acht 1962” an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil) 1962;

ciallaíonn “Acht 1967” an tAcht um Nós Imeachta Coiriúil 1967;

ciallaíonn “Acht 1993” an tAcht um Cheartas Coiriúil 1993;

tá le “craoladh” an bhrí atá leis in alt 2 den Acht Craolacháin 2009;

tá le “scoil choinneála leanaí” an bhrí atá leis in alt 3(1) d’Acht na Leanaí 2001;

ciallaíonn “Stiúrthóir” an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí;

tá le “deimhniú um chúnamh dlíthiúil (An Chúirt Uachtarach)” an bhrí atá leis in Acht 1962;

tá le “deimhniú um chúnamh dlíthiúil (trial ar dhíotáil)” an bhrí atá leis in Acht 1962;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí;

tá le “príosún” an bhrí atá leis in alt 2 d’Acht na bPríosúin 2007;

ciallaíonn “foilsíú” foilsíú don phobal nó do chuid den phobal seachas ar mhodh craolta.

(2) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

(a) déanfar tagairtí do ghiúiré, i ndáil le himeachtaí a sheolfar os comhair cúirte ag suí di gan ghiúiré, a fhorléiriú mar thagairtí don chúirt sin, agus

(b) foláíonn tagairtí do dhuine a chur ar aghaidh chun trialach, más cuí, tagairtí don duine sin a chur nó a chur ar aghaidh chun trialach chuig Cúirt Choiriúil Speisialta nó é nó í a chúiseamh os a comhair.

Caiteachais.

3.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

TIONCHAR COIRE AR ÍOSPARTACH

4.—Leasaítear Acht 1993, tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 5: Leasú ar alt 5
d'Acht 1993.

“Éifeacht
cionta áirithe
ar dhaoine ar
ina leith a
rinneadh cion.

5.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) cion gnéasach de réir bhrí an Achta um Fhianaise Choiriúil 1992,
 - (b) cion lena ngabhann foréigean nó bagairt foréigin ar dhuine,
 - (c) cion faoin Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997, agus
 - (d) cion arb é atá ann iarracht nó comhcheilg a dhéanamh chun cion a luaitear i mír (a), (b) nó (c) a dhéanamh nó cabhrú nó neartú le déanamh ciona den sórt sin, nó comhairliú do dhuine an céanna a dhéanamh, nó é a thabhairt i gcrích nó duine a ghríosú lena dhéanamh.
- (2) (a) Le linn di pianbhreith a fhorchur ar dhuine mar gheall ar chion lena mbaineann an t-alt seo, déanfaidh cúirt aon éifeacht (cibé acu éifeacht fhadtéarmach nó éifeacht eile) atá ag an gcion ar an duine ar ina leith a rinneadh an cion a chur i gcuntas, agus féadfaidh sí, más gá, fianaise nó aighneachtaí a ghlacadh i ndáil le haon éifeacht den sórt sin.
- (b) Chun críocha mhír (a), folaíonn ‘duine ar ina leith a rinneadh an cion’, más rud é, de thoradh an chiona, go bhfuair an duine sin bás, go bhfuil sé nó sí breoite nó éagumasach ar shlí eile, duine de theaghlach an duine sin.
- (3) (a) Le linn di pianbhreith a fhorchur ar dhuine mar gheall ar chion lena mbaineann an t-alt seo, déanfaidh cúirt, ar iarratas a fháil ón duine ar ina leith a rinneadh an cion sin, fianaise an duine ar ina leith a rinneadh an cion a éisteacht maidir le héifeacht an chiona ar an duine sin.
- (b) Chun críche mhír (a), maidir leis an duine ar ina leith a rinneadh an cion—
- (i) i gcás gur leanbh é nó í atá faoi bhun 14 bliana d’aois, féadfaidh

an leanbh, nó tuismitheoir nó caomhnóir an linbh, fianaise a thabhairt maidir le héifeacht an chiona lena mbaineann ar an leanbh sin,

(ii) i gcás gur duine é nó í—

(I) a bhfuil éalang mheabhrach air nó uirthi (nach de thoradh an chiona lena mbaineann), féadfaidh an duine nó duine dá theaghlach nó dá teaghlach,

(II) a bhfuil éalang mheabhrach air nó uirthi (nach de thoradh an chiona lena mbaineann) agus ar leanbh é nó í, féadfaidh an duine nó tuismitheoir nó caomhnóir an duine,

fianaise a thabhairt maidir le héifeacht an chiona lena mbaineann ar an duine sin,

(iii) i gcás gur duine é nó í atá breoite nó éagumasach ar shlí eile de thoradh an chiona, féadfaidh duine de theaghlach an duine fianaise a thabhairt maidir le héifeacht an chiona lena mbaineann ar an duine sin agus ar na daoine dá theaghlach nó dá theaghlach,

(iv) i gcás go bhfuair sé nó sí bás de thoradh an chiona, féadfaidh duine de theaghlach an duine fianaise a thabhairt maidir le héifeacht an chiona lena mbaineann—

(I) ar an duine idir déanamh an chiona agus a bhás nó a bás (más iomchuí), agus

(II) ar na daoine de theaghlach an duine a fuair bás.

(c) Aon duine a ciontaíodh i gcion lena mbaineann an t-alt seo, ní ceadmhach dó nó di fianaise a thabhairt de bhun mhír (b) maidir leis an gcion sin.

(d) I gcás go bhféachann níos mó ná duine amháin de theaghlach le leas a bhaint as mír (b), féadfaidh an chúirt a ordú do na daoine den teaghlach duine amháin nó níos mó de na daoine den teaghlach a ainmniú chun críche na míre sin.

(e) I gcás go n-ordóidh an chúirt do na daoine den teaghlach duine amháin nó níos mó de na daoine den teaghlach a ainmniú de bhun mhír (d) agus nach féidir leis na daoine den teaghlach teacht ar chomhaontú, féadfaidh an chúirt, ag féachaint don chéim ghaoil idir na daoine den teaghlach agus an duine ar ina leith a rinneadh an cion, duine amháin nó níos mó de na daoine den teaghlach a ainmniú de réir mar is cuí léi.

(4) I gcás nach dtugtar fianaise de bhun fho-alt (3), ní bhainfidh an chúirt aon tátal nach raibh éifeacht nó gur beag an éifeacht a bhí ag an gcion (cibé acu éifeacht fhadtéarmach nó éifeacht eile) ar an duine ar ina leith a rinneadh an cion nó, más cuí, ar na daoine dá theaghlach nó dá teaghlach.

(5) (a) Féadfaidh an chúirt, ar mhaithe leis an gceartas, a ordú nach ndéanfar faisnéis a bhaineann leis an bhfianaise a thugtar faoi fho-alt (3) nó cuid di a fhoilsiú nó a chraoladh.

(b) Má dhéantar aon ní a fhoilsiú nó a chraoladh de shárú ar mhír (a), beidh na daoine seo a leanas, eadhon—

(i) i gcás foilsiú i nuachtán nó i dtréimhseachán, aon dílseánach, aon eagarthóir agus aon fhoilsitheoir de chuid an nuachtáin nó an tréimhseacháin,

(ii) i gcás aon fhoilsiú eile, an duine a fhoilsíonn é, agus

(iii) i gcás craoladh, aon duine a tharchuireann nó a sholáthraíonn an clár ina ndéantar an craoladh agus aon duine ag a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an gclár atá ar aon dul leis na feidhmeanna a bhíonn ag eagarthóir nuachtáin,

ciontach i gcion.

(c) Aon duine atá ciontach i gcion faoi mhír (b), dlífear—

(i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(d) I gcás go ndéanann comhlacht corpraithe cion faoi mhír (b) agus go gcruthaítear go ndearnadh amhlaidh é le toiliú, le cúlcheadú nó le ceadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta corpraithe nó aon duine eile a bhí ag gníomhú nó a d'airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, maille leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(e) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta corpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta corpraithe sin, beidh feidhm ag mír (d) i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta corpraithe é nó í.

(6) San alt seo agus in ailt 5A agus 5B, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

tá le ‘craoladh’ an bhrí atá leis in alt 2 den Acht Craolacháin 2009;

ciallaíonn ‘leanbh’ duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois;

ciallaíonn ‘duine den teaghlach’—

(a) céile nó páirtneir de chuid an duine,

(b) leanbh, ua nó banua, tuismitheoir, seanathair nó seanmháthair, deartháir, deirfiúr, uncaíl, aintín, nia nó neacht de chuid an duine,

(c) duine atá ag gníomhú *in loco parentis* don duine,

(d) cleithiúnach de chuid an duine, nó

(e) aon duine eile a measann an chúirt go raibh dlúthbhaint aige nó aici leis an duine;

tá le ‘caomhnóir’, i ndáil le leanbh, an bhrí atá leis in Acht na Leanaf 2001;

folaíonn ‘éalang mheabhrach’ tinneas meabhrach, míchumas meabhrach, néaltrú nó aon ghalar den aigne;

ciallaíonn ‘foilsíú’ foilsíú don phobal nó do chuid den phobal, seachas ar mhodh craolta.”.

5.—Leasaítear Acht 1993 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 5: Fianaise trí nasc teilifíse.

“5A.—(1) (a) Féadfaidh leanbh nó duine a bhfuil éalang mheabhrach air nó uirthi agus ar ina leith a rinneadh cion lena mbaineann alt 5 fianaise a thabhairt de bhun alt 5(3), cibé acu laistigh nó lasmuigh den Stát, trí nasc teilifíse beo mura léir don chúirt cúis mhaith lena mhalairt.

(b) Féadfaidh aon duine eile ar ina leith a rinneadh cion lena mbaineann alt 5, le cead na cúirte, fianaise a thabhairt de bhun alt 5(3), cibé acu laistigh nó lasmuigh den Stát, trí nasc teilifíse beo.

(2) Déanfar fianaise arna thabhairt faoi fho-alt (1) a fhístaifeadadh.

(3) Le linn d’fhianaise a bheith á thabhairt de bhun fho-alt (1) (ach amháin trí idirghabhálaí de bhun alt 5B(1)), ní dhéanfaidh an breitheamh, ná an t-abhcóide ná an t-atornae atá bainteach le ceistiú an fhinné, peiriúic ná róba a chaitheamh.”.

6.—Leasaítear Acht 1993 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 5A: Fianaise trí idirghabhálaí.

“5B.—(1) I gcás go bhfuil leanbh nó duine a bhfuil éalang mheabhrach air nó uirthi ag tabhairt fianaise, nó go bhfuil sé nó sí chun fianaise a thabhairt, trí nasc teilifíse beo, de bhun alt 5A, féadfaidh an chúirt, ar iarratas ón ionchúiseamh nó ón gcúisí, más deimhin léi, ag féachaint d’aois nó do staid mheabhrach an fhinné, gur gá ar mhaithe leis an gceartas go ndéanfar aon cheisteanna a bheidh le cur ar an bhfinné a chur trí idirghabhálaí, a ordú go ndéanfar aon cheisteanna den sórt sin a chur amhlaidh.

(2) Aon cheisteanna a chuirfear ar fhinné trí idirghabhálaí faoin alt seo, is sna focail a úsáidfídh an ceistitheoir, nó d’fhonn brí na gceisteanna atá á gcur a chur in iúl don fhinné ar shlí atá oiriúnach dá aois nó dá haois agus dá staid mheabhrach, a chuirfear iad.

(3) Is í an chúirt a cheapfaidh idirghabhálaí dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus is duine é nó í atá, i dtuairim na cúirte, inniúil ar ghníomhú mar idirghabhálaí.”.

CUID 3

EISCEACHTAÍ ÓN RIAIL IN AGHAIDH CONTÚIRTE DÚBAILTE

CAIBIDIL 1

Léiriú

Léiriú (*Cuid 3*).

7.—Sa Chuid seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “Acht 1984” an tAcht um Cheartas Coiriúil 1984;

folaíonn “éigiontú” fíoras neamhchiontacha arna thabhairt ag giúiré agus fíoras neamhchiontacha arna thabhairt ag giúiré ar ordú ó chúirt;

ciallaíonn “iarratas ar ordú um atriail” iarratas faoi *alt 8 nó 9*;

ciallaíonn “fianaise fhíorláidir”, i ndáil le duine, fianaise—

- (a) atá iontaofa,
- (b) a bhfuil luach profach suntasach léi, agus
- (c) de chineál a d’fhágfadh go mb’fhéidir go mbeadh giúiré sásta le réasún thar amhras réasúnach faoi chiontacht an duine i leith an chiona lena mbaineann;

ciallaíonn “Cúirt” an Chúirt Achomhairc Choiriúil;

tá le “deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú um atriail)” an bhrí chéanna atá leis in Acht 1962;

ciallaíonn “fianaise nua fhíorláidir” i ndáil le duine, fianaise—

- (a) nár thug an t-ionchúiseamh ar aird sna himeachtaí ar ina leith a éigiontaíodh an duine (ná in aon imeachtaí achomhairc lenar bhain na himeachtaí bunaidh), agus
- (b) nach bhféadfaí, dá ndéanfaí dícheall cuí, a thabhairt ar aird i rith na n-imeachtaí sin, agus
- (c) is fianaise—
 - (i) atá iontaofa,
 - (ii) a bhfuil luach profach suntasach léi, agus
 - (iii) de chineál, nuair a ghlactar í i dteannta na fianaise eile go léir arna thabhairt ar aird sna himeachtaí lena mbaineann, a d’fhágfadh go mb’fhéidir go mbeadh giúiré sásta le réasún thar amhras réasúnach faoi chiontacht an duine i leith an chiona lena mbaineann;

ciallaíonn “cion i gcoinne riaradh an cheartais”—

- (a) cion faoi alt 1 den *Prevention of Corruption Act* 1906, a mhéid a bhaineann an cion lena mbaineann le himeachtaí coiriúla,
- (b) cion faoi alt 41 den Acht um Cheartas Coiriúil 1999,

- (c) féachaint le cúrsa an cheartais a shaobhadh,
- (d) mionnú éithigh, nó
- (e) comhcheilg a dhéanamh nó duine eile a ghríosú chun aon cheann de na cionta dá dtagraítear i *míreanna* (a) go (d) a dhéanamh;

folaíonn “áit”—

- (a) teaghais nó foirgneamh eile,
- (b) feithicil, cibé acu is feithicil inneallghluaiste í nó nach ea,
- (c) soitheach, cibé acu is soitheach farraige é nó nach ea,
- (d) aerárthach, cibé acu inoibríthe nó neamh-inoibríthe,
- (e) sciorrárthach;

ciallaíonn “cion iomchuí” cion a shonraítear sa Sceideal;

ciallaíonn “ordú um atriail” ordú ón gCúirt faoi *fho-alt* (1) nó (2) *d’alt 10*.

CAIBIDIL 2

Iarratas ar ordúithe um atriail faoi Chuid 3

- 8.—(1) Faoi réir *fho-alt* (7), beidh feidhm ag an alt seo i gcás—
- (a) ar thosach feidhme an ailt seo nó dá éis, go ndéanfar duine a chur ar aghaidh chun trialach i leith ciona iomchuí agus go ndéanfar é nó í a thriail ar díotáil i leith an chiona agus a éigíontú sa chion sin (cibé acu ag an triail, ar achomharc i gcoinne ciontú nó ar achomharc i gcoinne breithe den sórt sin ar achomharc), nó
 - (b) roimh thosach feidhme an ailt seo, go mbeifear tar éis duine a chur ar aghaidh chun trialach ach nach ndearnadh é nó í a thriail fós i leith ciona iomchuí agus, ar an tosach feidhme sin nó dá éis, go ndéanfar é nó í a thriail ar díotáil i leith an chiona agus a éigíontú sa chion sin (cibé acu ag an triail, ar achomharc i gcoinne ciontú nó ar achomharc i gcoinne breithe den sórt sin ar achomharc).

Iarratas ón Stiúrthóir lena lorgaítear ordú um atriail i gcás go bhfuil fianaise nua fhíorláidir ar fáil.

(2) Chun críocha an ailt seo, aon duine a éigíontaíodh i gcion iomchuí in imeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1), measfar é nó í a bheith éigíontaithe freisin in aon chion iomchuí a bhféadfaí é nó í a chiontú ina leith sna himeachtaí lena mbaineann de bhua an chiona chéadluaite a cúisíodh sa díotáil, seachas cion ar ciontaíodh é nó í ina leith.

(3) Féadfaidh an Stiúrthóir iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar ordú um atriail i gcás gur dealraitheach dó nó di—

- (a) go bhfuil fianaise nua fhíorláidir ann in aghaidh duine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) i ndáil leis an gcion iomchuí lena mbaineann, agus

(b) gurb é leas an phobail déanamh amhlaidh.

(4) Ní ceadmhach don Stiúrthóir ach aon iarratas amháin a dhéanamh ar ordú um atriail i leith duine i ndáil le cion iomchuí ab ábhar don iarratas agus ní ceadmhach aon iarratas eile a dhéanamh is cuma cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar an duine lena mbaineann a éigiontú sa chion lena mbaineann dá éis sin in atriail a ordófar de bhun iarratais faoin alt seo.

(5) Is iar bhfógra don duine lena mbaineann a dhéanfar iarratas ar ordú um atriail faoi *fho-alt* (3).

(6) Má mhainníonn duine láithriú os comhair na Cúirte i leith éisteacht an iarratais, féadfaidh an Chúirt, más deimhin léi go bhfuil sé, sna himthosca go léir, ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh, dul ar aghaidh chun an t-iarratas a éisteacht agus a chinneadh in éagmais an duine.

(7) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le cion iomchuí ar ina leith a bhí duine ina ábhar nó ina hábhar d'fhíoras speisialta faoi alt 5 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006.

Iarratas ón
Stiúrthóir ar ordú
um atriail i gcás gur
éigiontú truaillithe
éigiontú roimhe sin.

9.—(1) Tá feidhm ag an alt seo, más rud é—

(a) maidir le duine—

(i) go ndéanfar, ar thosach feidhme an ailt seo nó dá éis, é nó í a chur ar aghaidh chun trialach i leith ciona (is cuma cé acu is cion iomchuí nó nach ea an cion) agus go ndéanfar é nó í a thriail ar díotáil i leith an chiona, agus a éigiontú sa chion sin (cibé acu ag an triail, ar achomharc i gcoinne ciontú nó ar achomharc i gcoinne breithe den sórt sin ar achomharc), nó

(ii) a mbeifear, roimh thosach feidhme an ailt seo, tar éis é nó í a chur ar aghaidh chun trialach ach nach ndearnadh é nó í a thriail fós i leith ciona (is cuma cé acu is cion iomchuí nó nach ea an cion) agus, ar an tosach feidhme sin nó dá éis, go ndéanfar é nó í a thriail ar díotáil i leith an chiona, agus a éigiontú sa chion sin (cibé acu ag an triail, ar achomharc i gcoinne ciontú nó ar achomharc i gcoinne breithe den sórt sin ar achomharc), agus

(b) gur ciontaíodh an duine, nó duine eile, i gcion i gcoinne riaradh an cheartais a bhaineann leis na himeachtaí ba chúis leis an éigiontú dá dtagraítear i *mír* (a).

(2) Chun críocha an ailt seo, aon duine a éigiontaíodh i gcion in imeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1)(a), measfar é nó í a bheith éigiontaithe freisin in aon chion a bhféadfaí é nó í a chiontú ina leith sna himeachtaí lena mbaineann de bhua an chiona chéadluaite a cúisíodh sa díotáil, seachas cion ar ciontaíodh é nó í ina leith.

(3) Féadfaidh an Stiúrthóir iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar ordú um atriail i gcás gur dealraitheach dó nó di—

(a) go bhfuil fianaise fhíorláidir ann i gcoinne duine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1)(a), agus

(b) gurb é leas an phobail déanamh amhlaidh.

(4) Ní ceadmhach don Stiúrthóir iarratas a dhéanamh faoin alt seo ar ordú um atriail i leith duine i gcás go bhfuil imeachtaí a bhaineann le cion i gcoinne riaradh an cheartais agus dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)* ar feitheamh os comhair aon chúirte.

(5) Ní ceadmhach don Stiúrthóir ach aon iarratas amháin a dhéanamh ar ordú um atriail i leith duine i ndáil le cion ab ábhar don iarratas agus ní ceadmhach aon iarratas eile a dhéanamh is cuma cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar an duine lena mbaineann a éigiontú sa chion lena mbaineann dá éis sin in atriail a ordófar de bhun iarratais faoin alt seo.

(6) Is iar bhfógra don duine lena mbaineann a dhéanfar iarratas ar ordú um atriail faoi *fho-alt (3)*.

(7) Má mhainníonn duine láithriú os comhair na Cúirte i leith éisteacht an iarratais, féadfaidh an Chúirt, más deimhin léi go bhfuil sé, sna himthosca go léir, ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh, dul ar aghaidh chun an t-iarratas a éisteacht agus a chinneadh in éagmais an duine.

(8) Chun críocha *fho-alt (1)(b)*, folaíonn an tagairt do “ciontaíodh i gcion”, i ndáil le duine, tagairt do chiontú duine tar éis dó nó di pléadáil ciontachta a shíniú agus tar éis é nó í a chur ar aghaidh i gcomhair pianbhreithe faoi alt 13(2)(b) den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967.

10.—(1) Más rud é, ar iarratas faoi *alt 8* a éisteacht, gur deimhin leis an gCúirt— Orduithe um atriail.

(a) go bhfuil fianaise nua fhíorláidir ann i gcoinne duine dá dtagraítear in *alt 8(1)*, agus

(b) ag féachaint do na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, go bhfuil sé, sna himthosca uile, ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh,

déanfaidh an Chúirt ordú um atriail lena neamhnítear éigiontú an duine agus lena n-ordaítear go n-atriailfear an duine i leith an chiona iomchuí, faoi réir cibé coinníollacha agus ordachán (lena n-áirítear coinníollacha agus ordacháin maidir le bac a chur ar an atriail) is dóigh leis an gCúirt is gá nó is fóirsteanach chun cothroime na hatrialach a ordáíodh faoin bhfo-alt seo a chinntiú.

(2) Más rud é, ar iarratas faoi *alt 9* a éisteacht, gur deimhin leis an gCúirt—

(a) go bhfuil fianaise fhíorláidir ann i gcoinne duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (9)(1)(a)*, agus

(b) ag féachaint do na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, go bhfuil sé, sna himthosca uile, ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh,

déanfaidh an Chúirt ordú um atriail lena neamhnítear éigiontú an duine agus lena n-ordaítear go n-atriailfear an duine i leith an chiona lena mbaineann, faoi réir cibé coinníollacha agus ordachán (lena n-áirítear coinníollacha agus ordacháin maidir le bac a chur ar an

atriail) is dóigh leis an gCúirt is gá nó is fóirsteanach chun cothroime na hatrialach a ordaíodh faoin bhfo-alt seo a chinntiú.

(3) Le linn don Chúirt cinneadh a dhéanamh i dtaobh ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, beidh aird aici—

- (a) ar cibé acu an dóigh nó nach dóigh go bhféadfaí aon atriail a sheoladh go cothrom,
- (b) ar an méid ama atá caite ón ngníomh nó ón neamhghníomh ba bhun leis an díotáil,
- (c) ar leasanna aon íospartaigh de chuid an chiona lena mbaineann, agus
- (d) ar aon ní eile is iomchuí leis an gCúirt maidir leis an iarratas.

(4) D'fhonn cinneadh a dhéanamh i dtaobh ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, féadfaidh an Chúirt—

- (a) a ordú go ndéanfar aon doiciméad, foilseán nó rud eile i ndáil leis na himeachtaí lena mbaineann an t-iarratas a thabhairt ar aird,
- (b) a ordú d'aon duine ar finné inordaithe a bheadh ann nó inti sna himeachtaí lena mbaineann an t-iarratas freastal chun go ndéanfaí é no í a cheistiú, agus dul faoi cheistiú os comhair na Cúirte, cibé acu a gaireadh nó nár gaireadh sna himeachtaí sin an duine,
- (c) fianaise aon fhinné a ghlacadh, má thairgtear í, nó
- (d) i gcoitinne, cibé ordú a dhéanamh is gá chun an ceartas a dhéanamh san iarratas atá os comhair na Cúirte.

(5) Féadfar fianaise a ghlacadh in éisteacht faoin alt seo, cibé acu a bheadh nó nach mbeadh sí inghlactha in imeachtaí roimhe sin i gcoinne an duine is ábhar don iarratas faoi *alt 8* nó *9*.

(6) Faoi réir *fho-alt (1)* nó *(2)*, i gcás go ndéanfaidh an Chúirt ordú um atriail, déanfar an atriail a luaithe is indéanta.

(7) San alt seo, folaíonn “doiciméad”, i ndáil le hiarratas ón Stiúrthóir faoi *alt 9*, athscríbhinn de thriail aon duine dá dtagraítear in *alt 9(1)(b)*.

(a) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 6B:

“Deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú um atriail).

6C.—(1) Más rud é—

- (a) go ndearnadh iarratas ar ordú um atriail i ndáil le duine, agus
- (b) go ndéanann an Chúirt Achomhairc Choiriúil deimhniú um chúnamh dlíthiúil in aisce (dá ngairtear ‘deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú um

atriail) san Acht seo) a dheonú
ina leith,

beidh an duine i dteideal cúnamh dlíthiúil in aisce a fháil le linn dó nó di a chás nó a cás a ullmhú agus a stiúradh i ndáil le hiarratas faoi alt 8 nó 9 den *Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010* agus i dteideal aturnaí agus abhcóide a bheith ar sannadh dó nó di chun na críche sin ar cibé slí a bheidh forordaithe le rialacháin faoi alt 10 den Acht seo.

(2) Déanfar deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú um atriail) a dheonú i ndáil le duine ar ina leith a rinneadh iarratas faoi alt 8 nó 9 den *Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010*, más rud é (ach ar an gcuntar sin amháin)—

(a) go ndéantar iarratas faoina choinne sin,

(b) gur dealraitheach don Chúirt Achomhairc Choiriúil—

(i) nach leor acmhainn an duine chun go mbeadh ar a chumas nó ar a cumas cúnamh dlíthiúil a fháil, agus

(ii) gur gá, ar mhaithe leis an gceartas, cúnamh dlíthiúil a bheith ag an duine le linn dó nó di a chás a ullmhú agus a stiúradh i ndáil leis an iarratas ar ordú um atriail.

(3) San alt seo, tá le ‘iarratas ar ordú um atriail’ an bhrí atá leis in alt 7 den *Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010*.”,

(b) in alt 7, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur leis:

“(4) I gcás go mbeidh deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú um atriail) arna dheonú i leith duine, déanfar, faoi réir na rialachán faoi alt 10 den Acht seo, aon táillí, costais nó caiteachais eile arna dtabhú go cuí ag ullmhú agus ag stiúradh chás an duine i ndáil leis an iarratas lena mbaineann an deimhniú a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.”,

agus

(c) in alt 9(2), trí “, deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú cosanta daoine) nó deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú um atriail)” a chur in ionad “nó deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú cosanta daoine)”.

Orduithe chun
cothroime atrialach
a chosaint.

12.—(1) Faoi réir an ailt seo, is i gcúirt oscailte a dhéanfar iarratas ar ordú um atriail.

(2) I gcás go bhfuil iarratas ar ordú um atriail faoi *alt* 8 nó 9 á éisteacht ag an gCúirt agus gur deimhin léi go bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh, féadfaidh sí—

(a) an pobal nó aon chuid den phobal, nó

(b) aon duine nó daoine áirithe,

seachas ionadaithe *bona fide* an Phreasa, a eisiámh as an gcúirt le linn an imeachta.

(3) Féadfaidh an Chúirt, más dóigh léi go bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh, ordú a dhéanamh lena dtoirmeascfar na nithe seo a leanas a fhoilsiú nó a chraoladh—

(a) aon fhianaise a tugadh nó dá ndearnadh tagairt ag éisteacht iarratais ar ordú um atriail, nó

(b) aon ní lena sainaithnítear aon duine is ábhar d'iarratas ar ordú um atriail, nó aon duine eile atá bainteach leis an atriail a bhfuil ordú á lorg ina leith faoi *alt* 8 nó 9, nó arb é is éifeacht dó aon duine den sórt sin a shainaithe.

(4) Scoireann ordú faoi *fho-alt* (3) d'éifeacht a bheith leis (mura sonraítear dáta is luaithe ná sin ann)—

(a) nuair nach ann a thuilleadh d'aon bheart a d'fhéadfaí a dhéanamh agus a dtiocfadh de go ndéanfaí an duine lena mbaineann a atriail de bhun ordaithe um atriail, nó

(b) i gcás go ndéantar an duine lena mbaineann a atriail de bhun ordaithe um atriail, ar an triail a thabhairt chun críche.

(5) (a) Má dhéantar aon ní a fhoilsiú nó a chraoladh de shárú ar *fho-alt* (3), beidh na daoine seo a leanas, eadhon—

(i) i gcás foilsiú i nuachtán nó i dtréimhseachán, aon dílseánach, aon eagarthóir agus aon fhoilsitheoir de chuid an nuachtáin nó an tréimhseacháin,

(ii) i gcás aon fhoilsiú eile, an duine a fhoilsíonn é, agus

(iii) i gcás craoladh, aon duine a tharchuireann nó a sholáthraíonn an clár ina ndéantar an craoladh agus aon duine ag a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an gclár atá ar aon dul leis na feidhmeanna a bhíonn ag eagarthóir nuachtáin,

ciontach i gcion.

(b) Aon duine a chiontaítear i gcion faoi *mhír* (a), dlífeáir—

(i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, nó

(ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon,

a chur air nó uirthi.

(c) I gcás go ndéanann comhlacht corpraithe cion faoi *mhír (a)*, agus go gcruthaítear go ndearnadh amhlaidh é le toiliú, le cúlcheadú nó le ceadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta corpraithe nó aon duine eile a bhí ag gníomhú nó a d'airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(d) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta corpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta corpraithe sin, beidh feidhm ag *mír (c)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta corpraithe é nó í.

(6) Ní dhéanfar difear le haon ní san alt seo d'oibriú aon achtacháin eile lena bhforchuirtear srianta ar a mhéid is féidir faisnéis a bhaineann le himeachtaí cúirte a fhoilsiú nó a chraoladh.

13.—(1) I gcás go n-ordaítear faoi *fho-alt (1)* nó *(2) d'alt 10* duine a atriail mar gheall ar chion, féadfar é nó í, d'ainneoin aon rialach dlí, a dhíotáil agus a thriail athuair agus, má fhaightear ciontach é nó í, féadfar pianbhreith a chur air nó uirthi mar gheall ar an gcion sin.

Éifeacht ordaithe um atriail.

(2) I gcás lena mbaineann *fo-alt (1)*, féadfaidh an Chúirt—

(a) a ordú go gcoinneofar an duine lena mbaineann faoi choimeád nó go ligfear faoi bhannaí é nó í fad a bheidh an atriail ar feitheamh, ar cibé téarmaí is cuí leis an gCúirt,

(b) i gcás nach láithríonn an duine lena mbaineann os comhair na Cúirte le haghaidh éisteacht agus chinneadh an iarratais, barántas a eisiúint chun é nó í a ghabháil.

(3) Beidh éifeacht le deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú um atriail) a deonaíodh i ndáil leis na himeachtaí faoi *alt 8* nó *9* amhail is dá mbeadh sé arna dheonú freisin i ndáil leis an atriail a ordaíodh i leith an duine sin.

(4) Féadfaidh duine nár deonaíodh deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú um atriail) dó nó di agus is ábhar d'ordú um atriail iarratas a dhéanamh ar dheimhniú um chúnamh dlíthiúil (triail ar díotáil) agus beidh feidhm ag alt 3 d'Acht 1962, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir leis an iarratas sin.

Achomhairc ar
phonc dlí chun na
Cúirte Uachtaraí.

14.—(1) Beidh ábhar achomhairc ag an duine éigiontaithe nó ag an Stiúrthóir chun na Cúirte Uachtaraí i gcoinne cinnidh ón gCúirt faoi *fho-alt (1)* nó *(2) d'alt 10*, má dheimhníonn an Chúirt sin, an tArd-Aighne nó an Stiúrthóir go bhfuil ponc dlí i gceist sa chinneadh a bhfuil tábhacht phoiblí eisceachtúil leis agus gurb inmhianaithe ar mhaithe le leas an phobail go ndéanfaí achomharc chun na Cúirte Uachtaraí.

(2) Féadfaidh an Chúirt Uachtarach, chun críocha a breithe ar achomharc den sórt sin—

(a) an cás a tharchur chun na Cúirte chun plé leis, nó

(b) plé leis í féin agus chun na críche sin aon chumhachtaí de chuid na Cúirte sin faoin gCuid seo a fheidhmiú.

(3) I gcás go ndearnadh achomharc chun na Cúirte Uachtaraí faoi *fho-alt (1)* agus go ndeonaítear deimhniú um chúnamh dlíthiúil (an Chúirt Uachtarach) faoi *fho-alt (4)*, nó go meastar gur deonaíodh é faoi *fho-alt (5)* i leith an duine is ábhar don achomharc, beidh sé nó sí i dteideal cúnaimh dlíthiúil in aisce a fháil le linn dó nó di aon argóint is mian leis nó léi a dhéanamh chun na Cúirte sin a ullmhú agus a stiúradh agus i dteideal go ndéanfaí aturnae agus abhcóide a shannadh dó nó di chun na críche sin ar an tslí a bheidh forordaithe le rialacháin faoi alt 10 d'Acht 1962.

(4) Féadfaidh an duine éigiontaithe, i ndáil le himeachtaí faoin alt seo, iarratas ar dheimhniú um chúnamh dlíthiúil (an Chúirt Uachtarach) a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí—

(a) trí litir chuig cláráitheoir na Cúirte Uachtaraí ina leagfar amach fíoras an cháis agus na forais atá leis an iarratas, nó

(b) chun na Cúirte Uachtaraí féin,

agus deonóidh an Chúirt an deimhniú sa chás (agus sa chás sin amháin) gur dealraitheach don Chúirt nach leor acmhainn an duine chun a chumasú dó nó di cúnaimh dlíthiúil a fháil.

(5) Má deonaíodh deimhniú um chúnamh dlíthiúil (ordú um atriail) faoi Acht 1962 i leith an duine i ndáil le hiarratas ar ordú um atriail, measfar gur deonaíodh deimhniú um chúnamh dlíthiúil (an Chúirt Uachtarach) ina leith i ndáil leis na himeachtaí faoin alt seo.

(6) Beidh feidhm ag *alt 12* den Acht seo, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le hachomharc faoin alt seo mar atá feidhm aige maidir le hiarratas ar ordú um atriail.

CAIBIDIL 3

Ceadú na Cúirte Dúiche d'fheidhmiú cumhachtaí áirithe a bhaineann le daoine a éigiontaítear i gcionta iomchuí

Ní ceadmhach
cumhachtaí áirithe a
úsáid ach amháin
de réir an Achta.

15.—(1) Beidh feidhm ag an alt seo i gcás—

(a) ar thosach feidhme an ailt seo nó dá éis, go ndéanfar duine a chur ar aghaidh chun trialach i leith ciona iomchuí agus go ndéanfar é nó í a thriail ar díotáil i leith an chiona, agus a éigiontú sa chion sin (cibé acu ag an triail, ar

achomharc i gcoinne ciontú nó ar achomharc i gcoinne breithe den sórt sin ar achomharc), nó

- (b) roimh thosach feidhme an ailt seo, go mbeifear tar éis duine a chur ar aghaidh chun trialach ach nach ndearnadh é nó í a thriail fós i leith ciona iomchuí agus, ar an tosach feidhme sin nó dá éis, go ndéanfar é nó í a thriail ar díotáil i leith an chiona, agus a éigíontú sa chion sin (cibé acu ag an triail, ar achomharc i gcoinne ciontú nó ar achomharc i gcoinne breithe den sórt sin ar achomharc).

(2) Chun críocha an ailt seo, aon duine a éigíontaíodh i gcion iomchuí in imeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, measfar gur éigíontaíodh é nó í freisin in aon chion iomchuí a bhféadfaí é nó í a chiontú ina leith sna himeachtaí lena mbaineann de bhua an chiona chéadluaite a cúisíodh sa díotáil, seachas cion ar ciontaíodh é nó í ina leith.

(3) Ní dhéanfaidh aon chomhalta den Gharda Síochána, fara nó d'éagmais toiliú duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, aon cheann de na nithe seo a leanas i dtaca le rannpháirtíocht amhrasta an duine i gcion iomchuí ar éigíontaíodh an duine sin ina leith, ach amháin a mhéid a údaraítear é de réir fhorálacha an Achta seo:

- (a) an duine a ghabháil agus a choinneáil;
- (b) an duine a chur faoi agallamh;
- (c) cuardach a dhéanamh ar an duine ná a chur faoi deara cuardach a dhéanamh air nó uirthi;
- (d) an duine a ghrianghrafadh nó a chur faoi deara é nó í a ghrianghrafadh;
- (e) méarloirg nó loirg dearnan an duine a thógáil nó a chur faoi deara iad a thógáil;
- (f) sampla a thógáil ón duine chun críocha tástála dlí-eolaíochta, nó a chur faoi deara é a thógáil;
- (g) aon ní atá i seilbh an duine a urghabháil agus a choinneáil lena thástáil nó lena úsáid mar fhianaise;
- (h) cuardach a dhéanamh ar áit atá ar úinéireacht nó ar áitiú, nó atá ar úinéireacht nó ar áitiú go páirteach, ag an duine.

16.—(1) Féadfar duine a mbaineann *alt 15* leis nó léi a ghabháil arís maidir le cion iomchuí ar éigíontaíodh é nó í ina leith de réir an ailt seo agus dá réir sin amháin.

Féadfaidh an Chúirt Dúiche gabháil duine a mbaineann *alt 15* leis nó léi a údarú in imthosca áirithe.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, aon bhreitheamh den Chúirt Dúiche ar deimhin leis nó léi—

- (a) trí fhaisnéis faoi mhionn ó chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort go bhfuil faisnéis ag an gcomhalta lena mbaineann maidir le cion iomchuí ar éigíontaíodh an duine ina leith, ar faisnéis í a tháinig ar iúl an Gharda Síochána ó éigíontaíodh an duine agus an tráth sin amháin, agus

- (b) gur dócha go léireoidh nó go ndaingneoidh an fhaisnéis dá dtagraítear i *mír (a)* go bhfuil fianaise nua fhíorláidir ann i ndáil le rannpháirtíocht amhrasta an duine sa chion iomchuí a bhfuil a ghabháil nó a gabháil á iarraidh ina leith,

féadfaidh sé nó sí a údarú go ngabhfad an duine sin.

(3) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche a údarú go ngabhfad an duine lena mbaineann i leith an chion iomchuí ar éigiontaíodh an duine ina leith, agus i leith an chion sin amháin.

(4) Aon duine a ghabhfad de bhun an ailt seo—

(a) tógfar láithreach é nó í go dtí Stáisiún de chuid an Gharda Síochána agus féadfar é nó í a choinneáil ansin ar feadh cibé tréimhse nó tréimhsí a údaraítear faoi alt 4 d'Acht 1984, agus

(b) pléifear leis nó léi, faoi réir an ailt seo, amháin is gur coinníodh é nó í faoin alt sin.

(5) Más rud é—

(a) aon tráth le linn duine a choinneáil faoin alt seo nach bhfuil forais réasúnacha ann a thuilleadh—

(i) chun drochamhras a bheith ann go ndearna an duine an cion iomchuí ar gabhadh é nó í ina leith faoin alt seo, nó

(ii) chun a chreidiúint gur gá é nó í a choinneáil chun an cion iomchuí a imscrúdú go cuí,

nó

(b) de dhroim an tréimhse nó na tréimhsí dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)* do dhul in éag,

déanfar an choinneáil a fhoirceannadh láithreach, agus scaoilfear saor é nó í gan mhoill, mura rud é gur ar leith ón alt seo a údaraítear a choinneáil nó a coinneáil.

(6) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (5) agus (5A) d'alt 4 ná ag alt 10 d'Acht 1984 maidir le duine a ghabhfad agus a choinneofar faoin alt seo.

(7) Déanfar imeachtaí faoin alt seo a éisteacht ar shlí eile seachas go poiblí.

(8) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le cion iomchuí ar ina leith a bhí duine ina ábhar nó ina hábhar d'fhíorasc speisialta faoi alt 5 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006.

(9) Ní dochar an t-alt seo do chumhacht na Cúirte barántas a eisiúint chun duine a ghabháil a mbeidh ordú um atrail déanta ina leith faoi *fho-alt (1) d'alt 10*.

17.—(1) Aon duine a mbaineann *alt 15* leis nó léi agus atá á choinneáil nó á coinneáil i bpríosún nó i scoil choinneála leanaí, féadfar é nó í a ghabháil arís mar gheall ar chion iomchuí ar éigiontaíodh é nó í ina leith, de réir an ailt seo agus dá réir sin amháin.

Duine a mbaineann *alt 15* leis nó léi a ghabháil in imthosca áirithe i gcás go bhfuil an duine i bpríosún etc.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, aon bhreitheamh den Chúirt Dúiche ar deimhin leis nó léi—

- (a) trí fhaisnéis faoi mhionn ó chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort go bhfuil faisnéis ag an gcomhalta lena mbaineann maidir le cion iomchuí ar éigiontaíodh an duine ina leith, ar faisnéis í a tháinig ar iúl an Gharda Síochána ó éigiontaíodh an duine agus an tráth sin amháin, agus
- (b) gur dócha go léireoidh nó go ndaingneoidh an fhaisnéis dá dtagraítear i *mír (a)* go bhfuil fianaise nua fhíorláidir ann i ndáil le rannpháirtíocht amhrasta an duine sa chion iomchuí a bhfuil a ghabháil nó a gabháil á hiarraidh ina leith,

féadfaidh sé nó sí a údarú go ngabhfad an duine sin.

(3) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche a údarú go ngabhfad an duine lena mbaineann i leith an chion iomchuí ar éigiontaíodh an duine ina leith, agus i leith an chion sin amháin.

(4) Aon duine a ghabhfad de bhun an ailt seo—

- (a) tógfar láithreach é nó í go dtí Stáisiún de chuid an Gharda Síochána agus féadfar, faoi réir *fho-alt (6)*, é nó í a choinneáil ansin ar feadh cibé tréimhse nó tréimhsí a údaraítear faoi *alt 4 d'Acht 1984*, agus
- (b) pléifear leis nó léi, faoi réir an ailt seo, amhail is gur coinníodh é nó í faoin alt sin.

(5) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (4), (5) agus (5A) d'alt 4 ná ag alt 10 d'Acht 1984 maidir le duine a ghabhfad agus a choinneofar faoin alt seo.

(6) Más rud é, aon tráth le linn duine a choinneáil faoin alt seo, nach bhfuil forais réasúnacha ann a thuilleadh—

- (a) chun drochamhras a bheith ann go ndearna an duine an cion iomchuí ar gabhadh é nó í ina leith faoin alt seo, nó
- (b) chun a chreidiúint gur gá é nó í a choinneáil chun an cion iomchuí a imscrúdú go cúí,

déanfar an choinneáil a fhoirceannadh.

(7) Ar an gcoinneáil a fhoirceannadh de réir *fho-alt (6)* nó de dhroim an tréimhse nó na tréimhsí dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)* do dhul in éag, déanfaidh an comhalta den Gharda Síochána a bheidh i bhfeighil Stáisiún an Gharda Síochána ina bhfuil an duine á choinneáil nó á coinneáil é nó í a aistriú, nó a chur faoi deara é nó í a aistriú, ar ais chuig gobharnóir an phríosúin nó, de réir mar a bheidh, Stiúrthóir na scoile coinneála leanaí ina raibh an duine á choinneáil nó á coinneáil tráth na gabhála faoin alt seo.

(8) Déanfar imeachtaí faoin alt seo a éisteacht ar shlí eile seachas go poiblí.

(9) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le cion iomchuí ar ina leith a bhí duine ina ábhar nó ina hábhar d'fhíoras speisialta faoi alt 5 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006.

(10) Ní dhéanfar difear, le haon ní san alt seo, do chumhacht na Cúirte barántas a eisiúint chun duine a ghabháil a bhfuil ordú déanta ina leith faoi *fho-alt (1) d'fho-alt 10*.

Féadfaidh an Chúirt Dúiche barántas cuardaigh i gcabhair ar imscrúdú a bhaineann le cionta iomchuí a údarú in imthosca áirithe.

18.—(1) Féadfar cuardach a dhéanamh ar áit atá ar úinéireacht nó ar áitiú, nó atá ar úinéireacht nó ar áitiú go páirteach, ag duine a mbaineann *alt 15* leis nó léi i dtaca le cion iomchuí ar éigiontaíodh é nó í ina leith de réir an ailt seo agus dá réir sin amháin.

(2) Aon bhreitheamh den Chúirt Dúiche ar deimhin leis nó léi—

- (a) trí fhaisnéis faoi mhionn ó chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort go bhfuil faisnéis ag an gcomhalta lena mbaineann maidir le cion iomchuí ar éigiontaíodh an duine ina leith, ar faisnéis í a tháinig ar iúl an Gharda Síochána ó éigiontaíodh an duine, agus
- (b) go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann go bhfuil fianaise ar na nithe dá dtagraítear i *mír (a)*, nó fianaise a bhaineann leis na nithe sin, ar fáil in áit atá ar úinéireacht nó ar áitiú, nó atá ar úinéireacht nó ar áitiú go páirteach, ag an duine lena mbaineann,
- (c) gur dócha go léireoidh nó go ndaingneoidh an fhaisnéis dá dtagraítear i *mír (a)* go bhfuil fianaise nua fhíorláidir ann i ndáil le rannpháirtíocht amhrasta an duine sa chion iomchuí lena mbaineann,

féadfaidh sé nó sí barántas a eisiúint chun go ndéanfar cuardach ar an áit sin agus ar aon duine a gheofar san áit sin.

(3) Maidir le barántas cuardaigh faoin alt seo, beidh sé sainráite ann, agus oibreoidh sé, chun a údarú do chomhalta ainmnithe, in éineacht le cibé comhaltaí nó daoine eile, nó iad araon, a mheasfaidh an comhalta is gá—

- (a) dul isteach san áit atá ainmnithe sa bharántas, aon tráth nó tráthanna laistigh de sheachtain amháin ó dháta eisiúna an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird má iarrtar amhlaidh, agus trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá,
- (b) cuardach a dhéanamh ar an áit sin agus ar aon daoine a gheofar san áit sin, agus
- (c) aon rud a fhaightear san áit sin, nó aon rud a fhaightear i seilbh duine atá i láthair san áit sin tráth an chuardaigh, a urghabháil, ar rud é a greideann an comhalta le réasún ina leith gur fianaise é ar dhéanamh an chionta iomchuí nó gur fianaise é a bhaineann le déanamh an chionta iomchuí.

(4) Féadfaidh comhalta atá ag gníomhú faoi údarás barántais cuardaigh faoin alt seo—

- (a) a cheangal ar aon duine atá i láthair san áit a bhfuil an cuardach á dhéanamh a ainm agus a sheoladh, nó a hainm agus a seoladh, a thabhairt don chomhalta,
- (b) aon duine a ghabháil gan bharántas, ar duine é nó í—
 - (i) a chuireann bac, nó a fhéachann le bac a chur, ar an gcomhalta, le linn dó nó di a dhualgais nó a dualgais a chomhall,
 - (ii) a mhainníonn ceanglas faoi *mhír* (a) a chomhlíonadh, nó
 - (iii) a thugann ainm nó seoladh a bhfuil cúis réasúnach ag an gcomhalta chun a chreidiúint go bhfuil sé bréagach nó míthreorach.

(5) Aon duine a chuireann bac, nó a fhéachann le bac a chur, ar chomhalta atá ag gníomhú faoi údarás barántais cuardaigh faoin alt seo, a mhainníonn ceanglas faoi *fho-alt (4)(a)* a chomhlíonadh nó a thugann ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach do chomhalta, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(6) Déanfar imeachtaí faoin alt seo a éisteacht ar shlí eile seachas go poiblí.

(7) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le cion iomchuí ar ina leith a bhí duine ina ábhar nó ina hábhar d'fhíoras speisialta faoi alt 5 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006.

(8) Ní dhéanfar difear, le haon ní san alt seo, d'oibriú alt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006.

CAIBIDIL 4

Ilghnéitheach

19.—(1) Má dhéanann aon chomhalta den Gharda Síochána, maidir le haon cheann d'fhorálacha na Coda seo, mainneachtain í a urramú, ní dhlífeair imeachtaí coiriúla nó sibhialta a chur air nó uirthi as an mainneachtain sin féin ná (gan dochar do chumhacht na cúirte chun fianaise a eisiáimh dá rogha féin) ní dhéanfaidh sin difear, ann féin, d'inghlacthacht aon fhianaise a gheofar ar shlí seachas de réir na Coda seo.

Inghlacthacht fianaise in imeachtaí faoin gCuid seo.

(2) Má dhéanann aon chomhalta den Gharda Síochána, maidir le haon cheann d'fhorálacha na Coda seo, mainneachtain í a urramú, dlífeair imeachtaí araíonachta a chur air nó uirthi.

20.—Ní dhéanfar difear, le haon ní sa Chuid seo, d'aon cheart achomhairc nó athbhreithnithe a thugtar leis an Acht seo nó le haon achtachán nó rial dlí eile.

Ní dhéanfar difear do chearta eile achomhairc nó athbhreithnithe.

21.—Beidh feidhm ag alt 6 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le cumarsáidí a dhéanfar leis na daoine a luaitear san alt sin d'fhonn tionchar a imirt ar bhreith a thabhairt i ndáil le hiarratas faoin gCuid seo mar atá feidhm

Feidhm alt 6 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974.

aige maidir le cumarsáidí den sórt sin arna ndéanamh d'fhonn breith a thabhairt i dtaobh imeachtaí coiriúla nó aon chúiseamh áirithe in imeachtaí coiriúla a tharraingt siar nó gan iad nó é a thionscnamh.

Rialacha cúirte agus éisteachtaí dlúsúla. **22.**—Féadfar foráil a dhéanamh le rialacha cúirte maidir leis na nithe seo a leanas a éisteacht go dlúsúil—

- (a) imeachtaí faoin gCuid seo, agus
- (b) arialacha arna n-ordú faoi *alt 10*.

CUID 4

ACHOMHAIRC AGUS NITHE A BHAINNEANN LE HACHOMHAIRC

CAIBIDIL 1

Achomhairc ionchúisimh le dochar

Achomhairc ag an Stiúrthóir, etc., in imeachtaí coiriúla áirithe.

23.—(1) Más rud é, ar thosach feidhme an ailt seo nó dá éis, go ndéanfar duine a thriail ar díotáil agus a éigiontú i gcion, féadfaidh an Stiúrthóir, más é nó más í an t-údarás ionchúisimh sa triail, nó an tArd-Aighne de réir mar is cuí, faoi réir *fho-alt (3)* agus *alt 24*, achomharc a dhéanamh i gcoinne an éigiontaithe i leith an chiona lena mbaineann ar cheist dlí chun na Cúirte Uachtaraí.

(2) Más rud é, ar thosach feidhme an ailt seo nó dá éis, go ndéanfar ciontú duine i gcion ar díotáil a neamhniú de thoradh achomhairc ag an gCúirt Achomhairc Choiriúil agus nach ndéanann an Chúirt sin aon ordú chun an duine a atriail i leith an chiona, féadfaidh an Stiúrthóir, más é nó más í an t-údarás ionchúisimh sa triail, nó an tArd-Aighne de réir mar is cuí, faoi réir *fho-alt (3)* agus *alt 24*, achomharc a dhéanamh i gcoinne bhreith na Cúirte Achomhairc Choiriúil gan atriail an chiona lena mbaineann a ordú ar cheist dlí chun na Cúirte Uachtaraí.

(3) Ní ceadmhach achomharc faoin alt seo a dhéanamh, ach amháin más rud é—

- (a) go ndearna cúirt rialú le linn trialach dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó achomharc dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a éisteacht, de réir mar a bheidh, lenar eisiadh fianaise fhíorláidir go hearráideach, nó
- (b) gur thug cúirt ordachán le linn trialach dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, á ordú don ghiúiré sa triail an duine a fháil neamhchiontach i gcás—
 - (i) go raibh an t-ordachán mícheart faoin dlí, agus
 - (ii) gurbh fhianaise a d'fhágfadh go mb'fhéidir go mbeadh an giúiré sásta le réasún thar amhras réasúnach faoi chiontacht an duine i leith an chiona lena mbaineann an fhianaise a tugadh ar aird sna himeachtaí.

(4) Déanfar achomharc faoin alt seo iar bhfógra don duine is ábhar don achomharc laistigh de 28 lá, nó cibé tréimhse is faide ná sin nach faide ná 56 lá a dhéanfaidh an Chúirt Uachtarach, ar iarratas

arna dhéanamh chuici chuige sin, a chinneadh, ón lá a éigiontaíodh an duine nó a neamhníodh an ciontú, de réir mar a bheidh.

(5) I gcás go mainníonn duine láithriú os comhair na Cúirte Uachtaraí i leith an achomhairc, féadfaidh an Chúirt, más deimhin léi go bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh, sna himthosca uile, dul ar aghaidh chun an t-achomharc a éisteacht agus a chinneadh in éagmais an duine lena mbaineann.

(6) D'fhonn achomharc faoin alt seo a bhreithniú, éistfidh an Chúirt Uachtarach argóint—

- (a) ag an Stiúrthóir, nó ag abhcóide thar ceann an Stiúrthóra, nó de réir mar a bheidh, an Ard-Aighne,
- (b) ag an duine is ábhar don achomharc nó ag abhcóide thar a cheann nó thar a ceann, agus
- (c) má shanntar abhcóide faoi *fho-alt* (7), ag an abhcóide sin.

(7) Sannfaidh an Chúirt Uachtarach abhcóide chun argóint a dhéanamh mar thaca leis an éigiontú dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) nó le breith na Cúirte Achomhairc Choiriúil gan atriail dá dtagraítear i *bhfo-alt* (2) a ordú, de réir mar a bheidh, más rud é—

- (a) nach mian leis an duine is ábhar don achomharc go bhfeidhmeofaí thar a cheann nó thar a ceann nó go dtabharfaí éisteacht dó nó di faoi *fho-alt* (6)(b), nó
- (b) d'ainneoin go bhfeidhmíonn an duine lena mbaineann a cheart nó a ceart go bhfeidhmeofaí thar a cheann nó thar a ceann nó go dtabharfaí éisteacht dó nó di faoi *fho-alt* (6)(b), go measann an Chúirt gurb inmhianaithe ar mhaithe le leas an phobail sin a dhéanamh.

(8) I gcás go bhfuiltear tar éis achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí faoin alt seo agus go ndeonaítear deimhniú um chúnamh dlíthiúil (An Chúirt Uachtarach) faoi *fho-alt* (9), nó go meastar gur deonaíodh é faoi *fho-alt* (10), i leith an duine is ábhar don achomharc, beidh sé nó sí i dteideal cúnamh dlíthiúil in aisce a fháil le linn dó nó di aon argóint, is mian leis nó léi a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí, a ullmhú agus a stiúradh agus i dteideal go sannfar atur nae agus abhcóide dó nó di chun na críche sin san fhoirm a bheidh forordaithe le rialacháin faoi alt 10 d'Acht 1962.

(9) Féadfaidh an duine, i ndáil le himeachtaí faoin alt seo, iarratas ar dheimhniú um chúnamh dlíthiúil (An Chúirt Uachtarach) a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí—

- (a) trí litir chuig cláraritheoir na Cúirte Uachtaraí ina leagfar amach fíorais an cháis agus na fíorais atá leis an iarratas, nó
- (b) chun na Cúirte Uachtaraí féin,

agus deonóidh an Chúirt an deimhniú sa chás (agus sa chás sin amháin) gur dealraitheach don Chúirt nach leor acmhainn an duine chun a chumasú dó nó di cúnamh dlíthiúil a fháil.

(10) Má deonaíodh deimhniú um chúnamh dlíthiúil (trial ar díotáil) faoi Acht 1962 i leith an duine lena mbaineann i ndáil leis na himeachtaí is luaithe i leith an chiona lena mbaineann, measfar

deimhniú um chúnamh dlíthiúil (an Chúirt Uachtarach) a bheith deonaithe ina leith i ndáil leis na himeachtaí faoin alt seo.

(11) Féadfaidh an Chúirt Uachtarach, ar achomharc faoin alt seo a éisteacht—

- (a) an t-éigiontú a neamhniú nó breith na Cúirte Achomhairc Choiriúil a fhreaschur, de réir mar a bheidh, agus a ordú go ndéanfaí an duine a atrial sa chion lena mbaineann, más deimhin léi—
 - (i) go gcomhlíontar ceanglais *fho-alt (3)(a)* nó *(3)(b)*, de réir mar a bheidh, agus
 - (ii) ag féachaint do na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (12)*, go bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh sna himthosca go léir,
 nó
- (b) mura deimhin léi amhlaidh, an t-éigiontú nó breith na Cúirte Achomhairc Choiriúil a dhaingniú, de réir mar a bheidh.

(12) Le linn di a chinneadh an ndéanfaidh sí ordú faoi *fho-alt (11)(a)*, beidh aird ag an gCúirt Uachtarach ar na nithe seo a leanas—

- (a) cibé acu an dóigh nó nach dóigh go bhféadfaí aon atrial a sheoladh go cothrom,
- (b) an méid ama atá caite ón ngníomh nó ón neamhghníomh ba bhun leis an díotáil,
- (c) leas aon íospartaigh de chuid an chiona lena mbaineann, agus
- (d) aon ní eile is dóigh léi a bheith iomchuí maidir leis an achomharc.

- (13) (a) Féadfaidh an Chúirt Uachtarach ordú a dhéanamh i gcomhair atrialach faoin alt seo faoi réir cibé coinníollacha agus ordachán a mheasfaidh sí is gá nó is fóirsteanach (lena n-áirítear coinníollacha agus ordacháin i ndáil leis an mbac ar an atrial) chun cothroime na hatrialach a chinntiú.
- (b) Faoi réir *mhír (a)*, i gcás go ndéanfaidh an Chúirt Uachtarach ordú i gcomhair atrialach faoin alt seo, beidh an atrial ann a luaithe is féidir.

(14) San alt seo, ciallaíonn “fianaise fhíorláidir”, i ndáil le duine, fianaise—

- (a) atá iontaofa,
- (b) a bhfuil luach profach suntasach léi, agus
- (c) de chineál, nuair a ghlactar í i dteannta na fianaise eile go léir arna tabhairt ar aird sna himeachtaí lena mbaineann, a d’fhágfadh go mb’fhéidir go mbeadh giúiré sásta le réasún thar amhras réasúnach faoi chiontacht an duine i leith an chiona lena mbaineann.

24.—Ní bheidh ábhar achomhairc ann faoi *alt 23* i gcoinne éigiontú a dhéanfar tar éis atrialach a ordáíodh faoi *fho-alt (1)* nó *(2) d'alt 10*.
Ní ceadmhach achomharc in imthosca áirithe.

25.—(1) Faoi réir an ailt seo, is i gcúirt oscailte a sheolfar imeacht faoi *alt 23*.
Orduithe chun cothroime atrialach a chinntiú.

(2) I gcás go mbeidh imeacht á sheoladh ag an gCúirt Uachtarach faoi *alt 23* agus gur deimhin léi go bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh, féadfaidh sí—

(a) an pobal, nó aon chuid den phobal, nó

(b) aon duine nó daoine áirithe,

seachas ionadaithe *bona fide* an Phreasa, a eisiamh as an gcúirt le linn an imeachta.

(3) Féadfaidh an Chúirt Uachtarach, más dóigh léi go bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh, ordú a dhéanamh lena dtóirmiscfear na nithe seo a leanas a fhoilsiú nó a chraoladh—

(a) aon fhianaise a tugadh nó dá ndearnadh tagairt le linn an imeachta, nó

(b) aon ní lena sainaithnítear aon duine is ábhar d'achomharc faoi *alt 23*, nó aon duine eile atá bainteach leis an atriail a bhfuil ordú á lorg ina leith, nó arb é is éifeacht dó aon duine den sórt sin a shainaithint.

(4) Scoireann ordú faoi *fho-alt (3)* d'éifeacht a bheith leis (mura sonraítear dáta is luaithe ná sin ann)—

(a) nuair nach ann a thuilleadh d'aon bheart a d'fhéadfaí a dhéanamh agus a dtiocfadh de go ndéanfaí an duine lena mbaineann a atriail de bhun ordaithe faoi *alt 23*, nó

(b) i gcás go ndéantar an duine lena mbaineann a atriail de bhun ordaithe faoi *alt 23*, ar an triail a thabhairt chun críche.

(5) (a) Má dhéantar aon ní a fhoilsiú nó a chraoladh de shárú ar *fho-alt (3)*, beidh na daoine seo a leanas, eadhon—

(i) i gcás foilsiú i nuachtán nó i dtréimhseachán, aon dílseánach, aon eagarthóir agus aon fhoilsitheoir de chuid an nuachtáin nó an tréimhseacháin,

(ii) i gcás aon fhoilsiú eile, an duine a fhoilsíonn é, agus

(iii) i gcás craoladh, aon duine a tharchuireann nó a sholáthraíonn an clár ina ndéantar an craoladh agus aon duine ag a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an gclár atá ar aon dul leis na feidhmeanna a bhíonn ag eagarthóir nuachtáin,

ciontach i gcion.

(b) Aon duine a chiontaítear i gcion faoi *mhír (a)*, dlífeáir—

- (i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(c) I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoi *mhír (a)*, agus go gcruthófar go ndearnadh amhlaidh é le toiliú, le cúlcheadú nó le ceadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe nó aon duine eile a bhí ag gníomhú nó a d'airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(d) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag *mír (c)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

(6) Ní dhéanfar difear, le haon ní san alt seo, d'oibriú aon achtacháin eile lena bhforchuirtear srianta ar a mhéid is féidir faisnéis a bhaineann le himeachtaí cúirte a fhoilsiú nó a chraoladh.

Ordú le haghaidh atrialach tar éis achomhairc faoi *alt 23*.

26.—(1) I gcás go n-ordaítear faoi *alt 23* duine a atriail mar gheall ar chion, féadfar é nó í, d'ainneoin aon rialach dlí, a dhíotáil agus a thriail athuair agus, má fhaightear ciontach é nó í, féadfar pianbhreith a chur air nó uirthi mar gheall ar an gcion sin.

(2) I gcás lena mbaineann *fo-alt (1)*, féadfaidh an Chúirt Uachtarach—

(a) a ordú go gcoinneofar an duine lena mbaineann faoi choimeád nó go ligfear faoi bhannaí é nó í fad a bheidh an atriail ar feitheamh, ar cibé téarmaí is cuí leis an gCúirt sin,

(b) i gcás nach láithríonn an duine os comhair na Cúirte le haghaidh éisteacht agus chinneadh an achomhairc, barántas a eisiúint chun é nó í a ghabháil.

(3) Beidh éifeacht le deimhniú um chúnaimh dlíthiúil (an Chúirt Uachtarach) a deonaíodh i ndáil leis na himeachtaí faoi *alt 23* nó, i gcás duine a tharscaoil a cheart nó a ceart go bhfeidhmeofaí thar a cheann nó thar a ceann i leith na n-imeachtaí sin agus gur deonaíodh deimhniú um chúnaimh dlíthiúil (triail ar díotáil) dó nó di i leith na n-imeachtaí bunaidh, leis an deimhniú um chúnaimh dlíthiúil (triail ar díotáil), amhail is dá mbeadh sé arna dheonú freisin i ndáil le hatriail a ordáíodh faoi *alt 23*.

27.—Leasaítear fo-alt 16 d’alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994, i mír (f), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

Leasú ar alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994.

- “(i) (I) nuair a dhéantar an cosantóir a éigiontú ar gach scór, nó
- (II) i gcás go bhfuil feidhm ag forálacha *alt 23 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010* maidir leis na himeachtaí—
- (A) nuair a bheidh an tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh faoin alt sin caite agus nach mbeidh aon achomharc déanta,
- (B) i gcás go ndearnadh achomharc ach nach n-ordaítear aon atriail, i ndeireadh na n-imeachtaí achomhairc faoin alt, nó
- (C) i gcás gur ordaíodh atriail, i ndeireadh na hatrialach;”.

28.—Ní dhéanfar difear, le haon ní sa Chaibidil seo, d’aon cheart achomhairc nó athbhreithnithe a thugtar leis an Acht seo nó le haon achtachán nó rial dlí eile.

Gan difear a dhéanamh do chearta achomharc nó athbhreithnithe eile.

29.—Beidh feidhm ag alt 6 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le cumarsáidí a dhéanfar leis na daoine a luaitear san alt sin d’fhonn tionchar a imirt ar bhreith a thabhairt i ndáil le himeacht faoin gCaibidil seo mar atá feidhm aige maidir le cumarsáidí den sórt sin arna ndéanamh d’fhonn breith a thabhairt i dtaobh imeachtaí coiriúla nó aon chúiseamh ar leith in imeachtaí coiriúla a tharraingt siar nó gan iad nó é a thionscnamh.

Feidhm alt 6 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974.

30.—Féadfar foráil a dhéanamh le rialacha cúirte maidir le himeachtaí faoi *alt 23* nó atrialacha a ordaítear faoin alt sin a éisteacht go dlúsúil.

Rialacha cúirte agus éisteachtaí dlúsúla.

CAIBIDIL 2

Nithe ilghnéitheacha a bhaineann le hachomhairc

31.—Leasaítear an tAcht Cúirteanna Breithiúnais 1924—

Leasú ar an Acht Cúirteanna Breithiúnais 1924.

(a) in alt 29—

(i) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Faoi réir fho-alt (2B), féadfaidh aon duine a mbeidh achomharc déanta aige nó aici chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil in aghaidh a chiontaithe nó a chiontaithe agus a mbeidh atriail deonaithe ag an gCúirt sin dó nó di, gan dochar don chinneadh ón gCúirt atriail a dheonú, achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí i leith ní a d’ardaigh sé nó sí sa Chúirt Achomhairc Choiriúil ar ina leith—

- (a) nach ndearna an Chúirt sin cinneadh, nó
- (b) a rinne an Cúirt sin cinneadh ina aghaidh nó ina haghaidh.

(2B) Ní ceadmhach do dhuine achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí, ach amháin más rud é—

- (a) gur ní atá iomchuí maidir lena chosaint nó lena cosaint a stiúradh san atriail an ní is ábhar don achomharc, agus
- (b) go ndeimhníonn an Chúirt Achomhairc Choiriúil nó an tArd-Aighne in aon chás nó, más é nó más í an t-údarás ionchúisimh sa ní, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, go bhfuil ponc dlí lena ngabhann tábhacht phoiblí eisceachtúil i gceist sa ní agus gurb inmhianaithe, ar mhaithe le leas an phobail, go dtabharfadh an duine achomharc chun na Cúirte Uachtaraí.”

agus

- (ii) trí “(2), (2A), (2B) nó (3)” a chur in ionad “(2) nó (3)” i bhfo-alt (5A),

- (b) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 31:

“Achomharc ón bPríomh-Chúirt Choiriúil. 31.—Féadfaidh duine a chiontaítear ar díotáil os comhair na Príomh-Chúirte Choiriúla achomharc a dhéanamh faoin Acht seo chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil.”

- (c) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 32:

“Féadfaidh an Chúirt Achomhairc Choiriúil orduithe áirithe a dhéanamh fad a bheifear ag feitheamh le hachomharc a chinneadh. 32.—Beidh cumhacht ag an gCúirt Achomhairc Choiriúil aon ordú is cuí léi a dhéanamh, lena n-áirítear ordú chun an t-achomharcóir a ligean faoi bhannaí fad a bheifear ag feitheamh lena achomharc a chinneadh.”

agus

- (d) in alt 33, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Déanfaidh an Chúirt Achomhairc Choiriúil (‘an chúirt’) an t-achomharc a éisteacht agus a chinneadh—

- (a) ar thaifead de na himeachtaí sa triail agus ar scríbhinn de arna bhfíorú ag an mbreitheamh ar trialadh an cás os a chomhair, agus
- (b) i gcás gurb é tuairim bhreitheamh na trialach nach léiriú an taifead nó an scríbhinn dá

dtagraítear i mír (a) den fho-alt seo ar ar tharla le linn na trialach, ar thuairisc uaidh i dtaobh na lochtanna a mheasann sé atá sa taifead nó sa scríbhinn sin, de réir mar a bheidh,

ach beidh cumhacht ag an gcúirt chun fianaise nua nó bhreise a éisteacht agus chun aon ní a chur chun an bhreithimh sin chun tuairisc air a fháil uaidh.”.

32.—Leasaítear an tAcht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit 1939, in alt 44, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

Leasú ar alt 44 den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit 1939.

“(1) Féadfaidh duine a ciontaíodh ag Cúirt Choiriúil Speisialta in aon chion nó ar cuireadh aon phionós de phianbhreith air nó uirthi ag Cúirt Choiriúil Speisialta achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil i gcoinne an chiontaithe sin nó na pianbhreithe sin.”.

CUID 5

FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA

CAIBIDIL 1

Fianaise a Thabhairt

33.—Leasaítear an tAcht Breithiúnais Choiriúla 1924—

Leasú ar an Acht Breithiúnais Choiriúla (Fianaise) 1924.

(a) in alt (1)(f)—

(i) i bhfomhír (ii)—

(I) trí “ceisteanna a chur ar aon fhinné” a chur in ionad “ceisteanna chur chun finnithe an lucht cúisimh”, agus

(II) trí “an duine ar líomhnaíodh go ndearnadh an cion ina leith” a chur in ionad “an chúisitheora”,

agus

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iii):

“(iii) go ndearna an duine go pearsanta nó trí abhcóide an duine ceisteanna a chur ar aon fhinné chun líomhnachas a dhéanamh, nó gur seoladh an chosaint ar chaoi a fhágann go bhfuil líomhnachas á dhéanamh, ar charachtar duine ar líomhnaíodh go ndearnadh an cion ina leith agus atá éagtha nó atá chomh héagumasach sin nach féidir leis nó léi fianaise a thabhairt; nó”,

agus

(b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 1:

“Fianaise i
dtaobh
carachtair.

1A.—I gcás go mbeartaíonn duine a chúisítear i gcion fianaise a thabhairt ar aird, go pearsanta nó trí abhcóide an duine, ó fhinné, lena n-áirítear an duine, lena bhfágfaí go bhfuil líomhnachas á dhéanamh ar charachtar finné ionchúisimh nó duine ar líomhnaíodh go ndearnadh an cion ina leith agus atá éagtha nó atá chomh héagumasach sin nach féidir leis nó léi fianaise, nó fianaise ar dhea-charachtar an duine, a thabhairt—

(a) ní ceadmhach don duine déanamh amhlaidh, ach amháin—

(i) más rud é gur thug sé nó sí, go pearsanta nó trína abhcóide nó trína habhcóide, fógra 7 lá ar a laghad don ionchúiseamh go bhfuil sé beartaithe é sin a dhéanamh, nó

(ii) go bhfuil iarratas déanta aige nó aici chun na cúirte, ina luaitear na cúiseanna nach féidir an fógra a thabhairt, agus gur tugadh cead é sin a dhéanamh,

agus

(b) d’ainneoin alt 1(f), féadfar glaoch ar an duine mar fhinné agus ceisteanna a chur air nó uirthi, agus féadfaidh an t-ionchúiseamh ceisteanna a chur ar aon fhinné eile—

(i) lena gcuirfí in iúl gur ciontaíodh an duine in aon chion seachas an ceann ina gcúisítear ansin é nó í, nó gur drochduine é nó í, nó

(ii) lena gcuirfí in iúl gur dea-duine é nó í an duine ar líomhnaíodh go ndearnadh an cion ina leith.”.

Fianaise
shaineolach a
thabharfaidh an
chosaint ar aird.

34.—(1) Ní ghlaofaídh cúisí ar fhinné saineolach ná ní thabharfaidh sé nó sí fianaise shaineolach ar aird mura mbeidh cead chun déanamh amhlaidh deonaithe faoin alt seo.

(2) I gcás go mbeartaíodh an chosaint glaoch ar fhinné saineolach nó fianaise shaineolach a thabhairt ar aird, cibé acu mar fhreagra ar fhianaise den sórt sin arna tíolacadh ag an ionchúiseamh nó nach ea, tabharfar fógra i dtaobh an céanna a bheith beartaithe don

ionchúiseamh 10 lá ar a laghad roimh an dáta sceidealta le haghaidh thús na trialach.

(3) Is i scríbhinn a thabharfar fógra faoi *fho-alt* (2) agus beidh ann—

- (a) ainm, sloinne agus seoladh an fhinné shaineolaigh, agus
- (b) aon tuarascáil arna hullmhú ag an bhfinné saineolach i dtaobh ní is iomchuí maidir leis an gcás, lena n-áirítear mionsonraí aon anailíse arna déanamh ag an bhfinné saineolach nó thar a cheann nó thar a ceann, nó a bhfuil sé nó sí ag dul ina muinín, nó achoimre ar fhionnachtana an fhinné shaineolaigh.

(4) Féadfaidh an chúirt cead a dheonú chun glaoch ar fhinné saineolach nó fianaise shaineolach a thabhairt ar aird fiú amháin mura bhfuil aon tuarascáil nó aon achoimre ar na fionnachtana ar áireamh mar a cheanglaítear le *fo-alt* (3)(b), más deimhin leis an gcúirt go ndearna an cúisí gach beart réasúnach chun an tuarascáil nó an achoimre a áirithiú sular tugadh an fógra.

(5) Deonóidh an chúirt cead faoin alt seo chun glaoch ar fhinné saineolach nó fianaise shaineolach a thabhairt ar aird, ar iarratas ón gcosaint, más deimhin léi go sásaíonn an fhianaise shaineolach atá le tabhairt ar aird ceanglais aon achtacháin nó aon rialach dlí a bhaineann le fianaise agus—

- (a) gur comhlíonadh *fo-ailt* (2) agus (3),
- (b) i gcás nár tugadh fógra 10 lá ar a laghad roimh an dáta sceidealta le haghaidh thús na trialach, nach bhféadfadh an chosaint le réasún déanamh amhlaidh, in imthosca uile an cháis, nó
- (c) i gcás go bhfuil fianaise shaineolach tugtha ar aird ag an ionchúiseamh, gur éirigh ní as fianaise an tsaineolaí sin nárbh fhéidir le réasún coinne a bheith ag an gcosaint léi agus go bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas an ní sin a scrúdú tuilleadh d'fhonn a ábharthacht i leith an cháis a shuíomh.

(6) Déanfar an t-ionchúiseamh a éisteacht in iarratas faoi *fho-alt* (4) nó (5).

(7) Aon fhógra a cheanglaítear leis an alt seo a thabhairt don ionchúiseamh, féadfar é a thabhairt trína sheachadadh ar an ionchúiseamh, nó trína fhágáil ag a oifig nó ag a hoifig nó trína chur go dtí a oifig nó a hoifig leis an bpost cláraithe.

(8) I gcás go ndeonaíonn an chúirt cead faoin alt seo, tabharfar deis réasúnach don ionchúiseamh an tuarascáil nó an achoimre a bhreithniú sula dtabharfaidh an finné saineolach an fhianaise nó sula dtabharfar ar aird an fhianaise ar shlí eile.

(9) San alt seo—

ciallaíonn “fianaise shaineolach” fianaise ar fhíoras nó tuairim arna tabhairt ag finné saineolach, agus

ciallaíonn “finné saineolach” duine ar dealraitheach don chúirt go bhfuil aige nó aici na cáilíochtaí cuí nó an taithí chuí i dtaobh an ní lena mbaineann fianaise an fhinné.

Tabhairt ar ais nó diúscairt maoina a úsáid mar fhianaise.

35.—(1) Tá feidhm ag an alt seo i gcás go bhfuil maoin atá le taifeadadh i bhfianaise i dtrial choiriúil—

- (a) le tabhairt ar ais dá húinéir, nó
- (b) le diúscairt

sula dtosóidh an triail.

(2) I gcás go mbeartaíonn an t-ionchúiseamh maoin atá le taifeadadh i bhfianaise a dhiúscairt nó a thabhairt ar ais dá húinéir roimh an dáta sceidealta le haghaidh thús na trialach, seirbheálfaidh an t-ionchúiseamh fógra faoin alt seo (an “fógra ionchúisimh”) ar an gcúisí aon tráth atá 23 lá ar a laghad roimh an dáta sin.

(3) Beidh i bhfógra ionchúisimh tuairisc ar an maoin a bheidh mionsonraithe go leor chun í a shainaithint agus ráiteas maidir le hábharthacht na maoin i leith na n-imeachtaí, mar aon leis na nithe seo a leanas—

- (a) aon ghrianghraf amháin nó níos mó den mhaoin, agus
- (b) aon tuarascáil a bheartaíonn an t-ionchúiseamh a thaifeadadh i bhfianaise de dhroim na hanailíse ar an maoin, lena n-áirítear anailís ar aon ábhair a fuarthas sa mhaoin nó uirthi (“tuarascáil fianaise an ionchúisimh”).

(4) Déanfaidh an chosaint, tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis an fógra ionchúisimh a sheirbheáil faoi *fho-alt (2)*, fógra i scríbhinn (an “fógra cosanta”) a sheirbheáil ar an ionchúiseamh ina léireofar aon cheann amháin díobh seo a leanas:

- (a) go nglacann an chosaint leis an bhfógra ionchúisimh agus go gcomhaontaíonn sí an mhaoin a thabhairt ar ais nó a dhiúscairt;
- (b) gur mian leis an gcosaint tuarascáil a sholáthar don ionchúiseamh atá i gcomhréir le *fo-alt (3)* (“tuarascáil fianaise na cosanta”);
- (c) go dteastaíonn ón gcosaint go mbeidh an mhaoin ar fáil mar fhoilseán ag an triail.

(5) Más rud é maidir leis an bhfógra ionchúisimh a sheirbheálfar faoi *fho-alt (4)* gur fógra é atá luaite i *mír (b)* den *fho-alt* sin, ansin, d’ainneoin *alt 34*, déanfaidh an chosaint, tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis an fógra sin a sheirbheáil, tuarascáil fianaise na cosanta a sheirbheáil ar an ionchúiseamh.

(6) I gcás go seirbheáiltear tuarascáil fianaise cosanta ar an ionchúiseamh faoi *fho-alt (5)*, déanfaidh an t-ionchúiseamh, tráth nach déanaí ná 3 lá roimh an dáta sceidealta le haghaidh thús na trialach, fógra a sholáthar don chosaint agus don chúirt ina sonrógar cibé acu a ghlacann sé leis an bhfógra sin (“fógra freagra an ionchúisimh”) nó a dhiúltaíonn sé dó.

(7) Más rud é, maidir leis an bhfógra cosanta faoi *fho-alt (4)*, go ndéantar é faoi *mhír (a)* den *fho-alt* sin nó go ndéantar é faoi *mhír*

(b) den fho-alt sin agus go seirbheáiltear tuarascáil fianaise cosanta faoi *fho-alt* (5) agus go nglactar léi faoi *fho-alt* (6), ansin—

- (a) déanfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná cigire, ar é nó í d'fháil cóip den fhógra dá dtagraítear i *bhfo-alt* (4) nó (6), a chur faoi deara go dtabharfar an mhaoin ar ais nó go ndiúscrófar í, de réir mar a bheidh,
- (b) coimeádfaidh an comhalta dá dtagraítear i *mír* (a) taifead i scríbhinn ar thabhairt ar ais nó ar dhiúscairt na maoin, agus
- (c) i gcás go dtugtar an mhaoin ar ais dá húinéir, admhóidh an t-úinéir i scríbhinn go bhfuarthas an mhaoin.

(8) Tá feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir le fianaise a bheith inghlactha:

- (a) i gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt* (4)(a), is cruthúnas ar na fíorais atá sonraithe i dtuarascáil fianaise an ionchúisimh í tuarascáil fianaise an ionchúisimh, mura suífear a mhalairt;
- (b) i gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt* (4)(b) agus go seirbheálfar tuarascáil fianaise cosanta ar an ionchúiseamh faoi *fho-alt* (5) agus go nglactar léi faoi *fho-alt* (6), is cruthúnas ar na fíorais atá sonraithe inti tuarascáil fianaise na cosanta, mura suífear a mhalairt;
- (c) i gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt* (4)(c), féadfar glacadh leis an maoin mar fhianaise in aon triail ina bhfuil an mhaoin inghlactha thairis sin;
- (d) in aon chás eile, féadfar glacadh le tuarascáil arna hullmhú faoi *fho-alt* (3) nó (5) mar fhianaise in aon triail ina bhfuil an mhaoin inghlactha thairis sin.

(9) Aon duine a ullmhaíonn faisnéis atá i dtuarascáil faoi *fho-alt* (3) nó (5), féadfar glaoch air nó uirthi chun fianaise a thabhairt i ndáil leis an tuarascáil go léir nó i ndáil le haon chuid di, agus féadfar é nó í a chroscheistiú i dtaobh na fianaise sin.

CAIBIDIL 2

Leasuithe ilghnéitheacha

36.—Leasaítear alt 22 d'Acht na gCúirteanna 1991, i bhfo-alt (5), trí “más rud é go ndearnadh an gearán nó an cúiseamh a shuíomh faoi mhionn agus” a scriosadh.

Leasú ar alt 22
d'Acht na
gCúirteanna 1991.

37.—Leasaítear Acht 1967—

Leasú ar Acht 1967.

- (a) in alt 4, trí “imeachtaí a thionscnamh nó a choimeád ar marthain ina leith ach ag an Ard-Aighne” a chur in ionad “imeachtaí a thionscnamh nó a choimeád ar marthain ina leith ach ag an Ard-Aighne, nó thar ceann an Ard-Aighne nó le toiliú an Ard-Aighne” i bhfo-alt (2), agus
- (b) in alt 4B, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) (a) Faoi réir fho-alt (3), cuirfidh an t-ionchúisitheoir faoi deara na doiciméid a shonraítear i mír (b) a sheirbheáil ar an gcúisí nó ar a aturnae nó a haturnae (más ann), tráth nach déanaí ná 42 lá—

(i) ón dáta a dhéanfaidh an cúisí, ar an gCúirt Dúiche dá chur in iúl dó nó di go bhfuil de cheart aige nó aici go dtraiilfeadh giúiré é nó í, agóid i gcoinne é nó í a thriail go hachomair nó a chuirfidh an t-ionchúisitheoir in iúl don chúirt nach dtoilíonn sé nó sí leis an duine a thriail go hachomair i leith an chiona lena mbaineann, nó

(ii) i gcás ciona a bhféadfaidh an t-ionchúisitheoir roghnú é a ionchúiseamh go hachomair nó ar díotáil ina leith, ón dáta a roghnóidh an t-ionchúisitheoir an cion a thriail ar díotáil, nó

(iii) ón dáta a chinnfidh an Chúirt Dúiche nach mionchion na fíorais a líomhnaítear agus nach intrialte go hachomair iad.

(b) Is iad na doiciméid dá dtagraítear i mír (a):

(i) ráiteas ar na cúisimh i gcoinne an chúisí;

(ii) cóip d’aon fhaisnéis faoi mhionn i scríbhinn ar ar tionscnaíodh na himeachtaí;

(iii) liosta de na finnétithe a bheartaíonn an t-ionchúisitheoir a ghlaoch ag an triail;

(iv) ráiteas ar an bhfianaise a bhfuiltear ag súil ina leith go dtabharfaidh gach finné díobh í;

(v) cóip d’aon doiciméad ina bhfuil faisnéis a bheartaítear a thabhairt i bhfianaise de bhua Chuid II den Acht um Fhianaise Choiriúil 1992;

(vi) más cúí, cóip de dheimhniú faoi alt 6(1) den Acht sin;

(vii) liosta de na foilseáin (más ann).”,

agus

(c) in alt 24(5), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Más deimhin leis an gCúirt, i gcás duine atá arna athchur nó arna hathchur faoi choimeád, nach féidir é nó í a thabhairt os comhair na Cúirte i ndeireadh na tréimhse athchuir—

(i) de dheasca tinnis nó tionóisce, nó

(ii) ar aon chúis mhaith dhóthanach eile,

féadfaidh an Chúirt, gan an duine sin a bheith i láthair, an duine a athchur go ceann cibé tréimhse breise, is féidir a bheith níos faide ná cúig lá dhéag, a mheasfaidh an Chúirt a bheith réasúnach.”.

38.—Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil 1951, tríd an tagairt seo a leanas a chur isteach:

“26. An cion faoin dlí coiteann ar briseadh síochána é.”.

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil 1951.

Alt 7.

AN SCEIDEAL

CIONTA IOMCHUÍ

Cionta faoin dlí coiteann

1. Dúnmharú (lena n-áirítear dúnmharú lena mbaineann alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil 1990).

2. Dúnorgain.

3. Tréas.

4. Banéigean.

Cinedhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta, coireanna cogaidh agus cionta coimhdeacha

5. Cion faoi ailt 7 agus 8 den Acht um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 2006.

Céastóireacht

6. Cion faoi aon fhoráil de na forálacha seo a leanas den Acht um Cheartas Coiriúil (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta) 2000:

(a) alt 2(1) (cion na céastóireachta ag oifigeach poiblí);

(b) alt 2(2) (cion na céastóireachta arna chur ar cois ag oifigeach poiblí);

(c) alt 3(a) (féachaint le, nó comhcheilg chun, céastóireacht a dhéanamh);

(d) alt 3(b) (bac a chur ar ionchúiseamh duine eile).

Cionta gnéasacha

7. Aon chion faoi alt 3 (tromionsaí gnéasach) agus alt 4 (banéigean) den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú) 1990.

8. Aon chion faoi alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2006 (leanbh atá faoi bhun 15 bliana d'aois a thruailliú).

9. Cion faoi alt 1 den *Punishment of Incest Act 1908 (incest by males)*.

Cionta in aghaidh an duine

10. Cion faoi aon fhoráil de na forálacha seo a leanas den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997:

(a) alt 4 (díobháil thromchúiseach a dhéanamh);

(b) alt 6(5) (cionta steallaire);

(c) alt 8(2) (steallaire a shuíomh nó a thréigean);

(d) alt 15(1) (príosúnú neamhdhleathach).

Gáinneáil

11. Cion faoi alt 3(1) den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998 (gáinneáil, gabháil, etc., chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh).

12. Aon chion faoi alt 2 (gáinneáil etc., ar leanaí) agus alt 4 (gáinneáil ar dhaoine seachas leanaí) den Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008.

Cionta in aghaidh an Stáit

13. Cion faoi alt 6 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú) 1998 (eagraíocht neamhdhleathach a stiúradh).

14. Cion faoi aon fhoráil de na forálacha seo a leanas den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005:

(a) alt 9(1) (giall a thógáil);

(b) alt 9(2) (iarracht ar ghiall a thógáil);

(c) alt 10(1) (buamáil sceimhlitheoireachta);

(d) alt 10(2) (buamáil sceimhlitheoireachta is cúis le mórchailteanas eacnamaíoch);

(e) alt 10(3) (iarracht ar bhuamáil).

Coireacht Eagraithe

15. Cion faoi alt 71A den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 (eagraíocht choiriúil a stiúradh).

Cionta maidir le drugaí

16. Aon chion faoi ailt 15(1) (sealbhú drugaí rialaithe lena ndíol nó lena soláthar go neamhdhleathach), 15A (cion a bhaineann le sealbhú drugaí ar £10,000 nó níos mó a luach) agus 15B (drugaí rialaithe os cionn luach áirithe a allmhairiú) den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977.

Cionta arm tine

17. Cion faoi alt 15 d'Acht na nArm Teine 1925 (seilbh ar airm teine le hintinn duine do chur i gcontabhairt bháis).

18. Cion faoi alt 27 d'Acht na nArm Tine 1964 (toirmiscear airm tine a úsáid chun comhrac in aghaidh gabhála nó cabhrú le héalú).

Cionta maidir le pléascáin

19. Cion faoi alt 2 den *Explosive Substances Act 1883* (*causing explosion likely to endanger life or damage property*).

Damáiste a dhéanamh do mhaoin

20. Cion ar coirloscadh é faoi alt 2(1) nó (3) nó cion faoi alt 2(2) (cibé acu is coirloscadh nó nach ea) den Acht um Dhamáiste Coiriúil 1991 (damáiste a dhéanamh do mhaoin).

Sc.

[*Uimh. 27.*] *An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil* [2010.]
2010.

Robáil agus buirgléireacht

21. Aon chion faoi alt 13(1) (trombhuirgléireacht) agus alt 14(1) (robáil) den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001.

Cionta aerloingseoireachta

22. Cion faoi alt 11 den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair 1973 (urghabháil neamhdhleathach aerárthach).

23. Cion faoi alt 3(1) den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair 1975 (gníomhartha neamhdhleathacha in aghaidh sábháilteachta loingseoireachta).

Cionta slándála muirí

24. Cion faoi alt 2(1) den Acht um Shlándáil Mhuirí 2004.

Comhchoirithe

25. Aon tagairtí sa Sceideal seo do chion, folaíonn siad tagairtí do pháirteachas mar chomhchoirí de chuid duine a dhéanann an cion.

Iarrachtaí agus comhcheilg

26. Cion ar iarracht nó comhcheilg é chun aon chion a luaitear i mír roimhe seo den Sceideal seo a dhéanamh.